Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022
(OR. en)

9522/22

CDR 59

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na Laitvia, de Choiste na Réigiún<br>– Glacadh |

1. An 19 Deireadh Fómhair 2020, i litir uaidh, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Olga VEIDIŅA, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, a cheapadh.[1]

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Olga VEIDIŅA, mhol Rialtas na Laitvia[2] Justīne PANTEĻĒJEVA, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Deputāte, Rīgas dome* (Comhalta, Comhairle Cathrach Ríge), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

[1] 5403/21.
[2] 9472/22.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Cinneadh a leagtar amach in 9491/22 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.